Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Tíreolaíocht

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**

Bronn 10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann.
Marcáil gach ceist a triaileadh agus bronn marc ar na deich gceist a fuair na marcanna is airde.
Gan grádú ar bith.

| | |
|---|---|
| C1<br>(i) 1.65 (méadar) 2m<br>(ii) 2 phróiseas bhailí ar bith 1m + 1m<br>(iii) 2 thírghné bhailí ar bith 1m + 1m<br>(iv) Fíor 2m | C7<br>(i) Reilig 2m<br>(ii) 8.0 – 8.6 (km) 2m<br>(iii) Foraois Bhuaircíneach 2m<br>(iv) 7 – 9 ($km^2$) 2m |
| C2<br>(i) C 1m (ii) Sil-leagan 1m<br>A 1m Creimeadh 1m<br>D 1m Creimeadh 1m<br>B 1m Sil-leagan 1m | C8<br>(i) Soir ó thuaidh 2m<br>(ii) S 117 717 2m<br>(iii) N62 2m<br>(iv) Bréagach 2m |
| C3<br>(i) E 1m<br>C 1m<br>A 1m<br>B 1m<br>D 1m<br>F 1m<br>(ii) Fíor 2m | C9<br>A An lár ar chlé<br>B Lár 2m<br>C An Cúlra ar Dheis 2m<br>D An Cúlra ar Clé 2m<br>E Lár Cúlra 2m |
| C4<br>(i) 2 fhreagra bhailí ar bith 1m+1m<br>(ii) 2 fhreagra bhailí ar bith 1m+1m<br>(iii) Athnuachan (abhann) 2m<br>(iv) Fíor 2m | C10<br>(i) 5.4 mm 2m<br>(ii) 8 (°C) 2m<br>(iii) 8 (km/u) 2m<br>(iv) Gnáthghaoth 2m |
| C5<br>(i) Gleann Sambre Meuse 1m<br>Boirinn 1m<br>An Mheánmhuir 1m<br>Co. an Chabháin 1m<br>Batailit Laighean 1m<br>An Domhan Ioslamach 1m<br>(ii) Fíor 1m<br>Bréagach 1m | C11<br>(i) An India 2m<br>(ii) 332 2m<br>(iii) 26.28 (%) 2m<br>(iv) 2 bhuntáiste 1m +1m |
| C6<br>Fána chothrom 2m<br>Talamh réidh 2m<br>Fána chuasach 2m<br>V-ghleann 2m | C12<br>(i) Aon cheathrú / 25% 2m<br>(ii) 116 (€ billiún) 2m<br>(iii) 50 (%) 2m<br>(iv) Réigiúin na Teorann 2m |

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(80 marc)**

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid (80 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1 go 3)**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4 go 6)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN.**

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa Abhann na Siúire (*River Suir*) ó S 132 728 go S 119 680
- An limistéar iomlán talún os cionn 200 méadar
- Limistéar iomlán Loch an Teampaill Mhóir (*Templemore Lake*)
- Bealach iomlán an bhóthair iarainn.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na Sracléarscáile | 4 mharc (4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Léirithe 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéadú 1m |

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála den limistéar a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 11.95cm x 8.95cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ní ghlactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ceadaigh marcanna as lipéadú amháin.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triaileadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronntar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**1B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh an dóigh a dtéann **próiseas an tsil-leagain** i bhfeidhm ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin nó** tírghné cósta **amháin nó** tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tírghné ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as tagairt do ról an phróisis sil-leagain. Tá scrúdú le déanamh i gcás gach tagartha eile do phróisis sil-leagain.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ do shampla sonrach ón scrúdú.
- Is é bunphointe na ceiste an tionchar a bhíonn ag an bpróiseas sil-leagain ar fhoirmiú tírghné amháin. Míniú ar phróisis an chreimthe = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Mura ndéantar ach cur síos ar tírghné gan aon tagairt don fhoirmiú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

**Nó**

(ii) Déan cur síos agus míniú ar na **tosca a rialaíonn oibriú** próisis ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Próiseas ollghluaiseachta ainmnithe | 2 mharc |
| Cur síos/míniú | 12 x PSÁ |

- Tá cur síos/míniúchán de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Ní gá go mbainfeadh an freagra le hÉirinn.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ollghluaiseacht gan aon tagairt do thosca lena rialaítear a hoibríocht.

## 1C. Gníomhaíocht Theicteonach – Tírdhreach na hÉireann

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gníomhaíocht theicteonach ar thírdhreach na hÉireann.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar na gníomhaíochta teicteonaí ar thírdhreach na hÉireann | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar ar thírdhreach na hÉireann a aithníodh ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as dhá shampla aitheanta ón scrúdú do 2 x PSÁ.
- Baineann an cheist le tírdhreach na hÉireann amháin.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d’fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- 2 x SRP ar a mhéad as cur síos ar thírdhreach ábhartha gan aon tagairt do thionchar na gníomhaíochta teicteonaí.
- 2 x SRP ar a mhéad as scrúdú ar ghníomhaíocht theicteonach gan aon tagairt a dhéanamh do thírdhreach na hÉireann.

## Ceist 2

### 2A. Creathanna Talún




Ar an 17 Eanáir 1994, bhuail Crith Talún Northridge, a raibh méid 6.7 ann, mórcheanar Los Angeles. Rinneadh luach na mbilliún dollar damáiste, gortaíodh na mílte daoine agus maraíodh 60 duine. Rinneadh smionagar de bhóithre, bhris píobáin gháis agus chuaigh siad trí thine, scriosadh na mílte foirgneamh nó fógraíodh iad a bheith baolach sular leagadh níos deireanaí iad.

Curtha in oiriúint ó www.theatlantic.com

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén méid a bhí sa chrith talún i Northridge i 1994?

(ii) Cé acu ceann de na limistéir uirbeacha de Los Angeles a ainmnítear ba ghaire d'eipealár an chreatha talún?

(iii) Cén t-achar a thóg sé (i soicindí) sular airíodh iarmhairtí an chreatha talún in Ventura?

(iv) Cé mhéad ciliméadar a thaistil na tonnta seismeacha ón eipealár go pointe **X**?

(v) Luaigh iarmhairt dhiúltach **amháin** an chreatha talún, atá luaite sa téacs thuas.

(vi) Mínigh go hachomair feidhm **amháin** atá ag stáisiún seismeach.

(vii) Mínigh go hachomair bealach **amháin** a bhféadfaí an bonneagar a dhéanamh níos crithdhíonaí i gcoinne creathanna talún.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 6.7 | 2 mharc |
| (ii) | Malibu | 2 mharc |
| (iii) | 10 (soicind) | 2 mharc |
| (iv) | 90-105 (km) | 4 mharc |
| (v) | Freagra bailí | 2 mharc |
| (vi) | Freagra bailí | 2 + 2 mharc |
| (vii) | Freagra bailí | 2 + 2 mharc |

**2B. Carraigeacha**

Mínigh foirmiú gach ceann díobh seo a leanas, agus bíodh tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu:

- Carraig dhríodair **amháin**
- Carraig mheiteamorfach **amháin**.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Carraig dhríodair amháin ainmnithe | 2 mharc |
| Carraig mheiteamorfach amháin ainmnithe | 2 mharc |
| Míniú ar fhoirmiú carraig dhríodair | 6/7 x PSÁ |
| Míniú ar fhoirmiú carraige meiteamorfaí | 6/7x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an chineáil carraige don láthair ainmnithe ón bhfoirmiú. Ní mór an láthair a nascadh le carraig ainmnithe.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an gcineál carraige gan aon tagairt don fhoirmiú: 1 X PSÁ ar a mhéad. Is é bunphointe na ceiste an foirmiú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d’fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.
- Mura ndéantar plé ach ar charraig amháin = 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Nuair a thugtar míniú ar fhoirmiú níos mó ná carraig dhríodair/carraig mheiteamorfach amháin, marcáil iad go léir agus tabhair an marc is airde.

## 2C. Idirghníomhú an Duine le Próisis Dromchla

Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.

Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht an duine ar phróisis abhann
- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht an duine ar phróisis chósta
- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht an duine ar phróisis ollghluaiseachta.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar an bpróiseas aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú ar thionchar ar phróisis | 14 x PSÁ |

- Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as sampla sonrach ainmnithe de ghníomhaíocht an duine do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as suíomh ábhartha tíreolaíoch ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d’fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht an duine gan aon tagairt don tionchar ar phróisis dromchla: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

## Ceist 3

**3A. Tírghnéithe Oighreacha**




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann tírghnéithe oighreacha, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe oighreacha a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F** orthu.

(ii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *sracadh* maidir le hoighriú.

(iii) Mínigh go hachomair conas a ghluaiseann oighearshruthanna.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | A = Adharc phirimidiúil | 2 mharc |
| | B = Airéit | 2 mharc |
| | C = Coire/com/soirc/comloch | 2 mharc |
| | D = Loch ribíneach | 2 mharc |
| | E = Speireacha teasctha | 2 mharc |
| | F = Gleann crochta | 2 mharc |
| (ii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

**3B.** **Forbairt Tírdhreach**

Mínigh conas a chruthaíonn cineálacha éagsúla carraigeacha na tírdhreacha éagsúla in Éirinn, agus bíodh tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Carraig 1 agus tírdhreach bainteach ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Carraig 2 agus tírdhreach bainteach ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Míniú | 11 x PSÁ |

- Tá a thuilleadh mínithe de dhíth i gcás cineálacha eile carraige agus na dtírdhreach lena mbaineann.
- Baineann an cheist le hÉirinn.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Má dhéantar cur síos ar an gcarraig nó ar an tírdhreach gan aon tagairt don bhaint idir an charraig agus an tírdhreach: 2 x PSÁ ar a mhéad.

**3C.** **Teicteonaic Phlátaí**

Déan plé ar theoiric na teicteonaice plátaí (samhail na teiceonaice plátaí).

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Plé ar theoiric na teicteonaice plátaí | 15 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as sampla amháin ainmnithe de theoiricí/teoiric ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as suíomh ábhartha tíreolaíoch ón bplé 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**.

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.
Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Cúrsa abhann ainmnithe sa réigiún
- Imchruth de ghné ainmnithe rilífe (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún seo
- **Dhá** ionad uirbeacha ainmnithe sa réigiún.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na léarscáile | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 2 mharc ghrádaithe (2/1/0) |
| | Ainmnithe 2 mharc |

- Ná glactar le léarscáil imchrutha de réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith, is cuma faoin méid.
- Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- Féadtar ainmneacha a scríobh ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Marcanna creidiúna as na gnéithe riachtanacha a ainmniú má tá na hainmneacha bailí agus ceart fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar go mícheart iad.
- I gcás go dtaispeántar gnéithe ach nach n-ainmnítear i gceart iad nó mura n-ainmnítear in aon chor iad, 0 marc as taispeáint agus 0 marc as ainmniú.

**4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach – An Turasóireacht**

Déan scrúdú ar **dhá** thoisc a raibh tionchar acu ar fhorbairt na turasóireachta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar Thoisc 1 | 7/6 x PSÁ |
| Scrúdú ar Thoisc 2 | 7/6 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as samplaí sonracha den turasóireacht ón scrúdú do 2 x PSÁ.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Ná glactar le scrúdú ar an turasóireacht i réigiúin na hEorpa ná i réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir, 0 marc.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d’fhorbairt na turasóireachta: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d’fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

**4C. Castacht na Réigiún**

Is féidir le hathruithe ar theorainneacha tionchar a bheith acu ar ghrúpaí cultúir le himeacht aimsire.

Scrúdaigh an ráiteas seo maidir le sampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar ghrúpaí cultúir aitheanta | 2 mharc |
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar ar ghrúpaí cultúir aitheanta ón scrúdú do 1 x PSÁ. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as an dara sampla ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d’fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- Ní gá go mbainfeadh an freagra le hÉirinn.

## Ceist 5

### 5A. Iompar in Éirinn




Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh na cairteacha thuas a thaispeánann an sciar céatadánach de líon na bpaisinéirí agus líon iomlán na bpaisinéirí, ag aerfoirt in Éirinn in 2012 agus in 2016. Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén méadú, i milliúin, a tháinig ar líon na bpaisinéirí ag aerfoirt in Éirinn idir 2012 agus 2016?

(ii) Ríomh **X**, an sciar céatadánach de líon na bpaisinéirí ag aerfort Chorcaí in 2016.

(iii) Ainmnigh an t-aerfort inar tháinig méadú ar sciar céatadánach de líon na bpaisinéirí ó 2012 go 2016 **agus** mínigh go hachomair **dhá** chúis leis an méadú sin.

(iv) Mínigh go hachomair iarmhairt **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ar chomhdhéanamh an Aontais Eorpaigh, cosúil leis an mBreatimeacht, ar aerfort Bhaile Átha Cliath.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 4 (mhilliún) | 2 mharc |
| (ii) | 6.8 (%) | 4 mharc |
| (iii) | (Aerfort) Baile Átha Cliath | 2 mharc |
| | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

**5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil – Talmhaíocht**

Tabhair míniú ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún **Il-chríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

Scrúdú 15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as tosca a théann i bhfeidhm ar fhorbairt na talmhaíochta do 2 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as samplaí sonracha den talmhaíocht ón scrúdú do 2 x PSÁ.
- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an talmhaíocht gan aon tagairt d'fhorbairt na talmhaíochta: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
  Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

**5C. Dinimic Daonra**

Tabhair míniú ar dháileadh an daonra ar fud réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

Scrúdú 15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as tosca a théann i bhfeidhm ar dháileadh an daonra do 2 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as suíomh ainmnithe taobh istigh den réigiún ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir, 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar dháileadh daonra gan aon mhíniú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar chuid amháin de réigiún: 8 x PSÁ ar a mhéad (déantar tagairt sa cheist don dáileadh ar fud réigiúin).

## Ceist 6

### 6A. Talmhaíocht san Eoraip

Táirgeadh Bainne Bó (sna mílte tona)

| Réigiún | 2008 | 2010 | 2012 | 2014 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Vallóin | 1,376 | 1,479 | 1,476 | 1,382 | 1,459 |
| *TLTI, Éireann | 1,096 | 1,097 | 1,093 | 1,177 | 1,397 |
| Deisceart & Oirthear Éireann | 4,034 | 4,253 | 4,307 | 4,644 | 5,454 |
| Abhantrach Pháras | 5,728 | 5,709 | 5,850 | 6,095 | 6,023 |
| Tuaisceart na hIodáile | 9,213 | 9,332 | 9,439 | 9,992 | 10,020 |
| An Mezzogiorno | 1,314 | 1,333 | 1,352 | 1,295 | 1,307 |
| Tuaisceart Éireann | 2,079 | 2,111 | 2,184 | 2,531 | 2,537 |

*TLTI: An Teorainn, Lár na Tíre agus an tIarthar — Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas, a thaispeánann táirgeadh bainne bó, (sna mílte tona), i réigiúin roghnaithe san Eoraip, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén réigiún ina raibh laghdú ar tháirgeadh bainne bó ó 2014 go 2016?

(ii) Ríomh an méadú (sna mílte tona), ar tháirgeadh bainne bó sa réigiún 'Deisceart & Oirthear Éireann', idir 2008 agus 2016.

(iii) Ríomh an méadú céatadánach ar tháirgeadh bainne bó sa réigiún 'TLTI, Éireann' ó 2014 go 2016.

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a bhfuil aschur talmhaíochta níos airde i gcroí-limistéir, cosúil le Tuaisceart na hIodáile, ná mar atá sé i réigiúin imeallacha, cosúil leis an Mezzogiorno.

(v) Mínigh go hachomair fadhb chomhshaoil **amháin** a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar mhéadú ar an líon eallaigh.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Abhantrach Pháras | 2 mharc |
| (ii) | 1,420 (mílte tona) | 2 mharc |
| (iii) | 18.69 (%) | 4 mharc |
| (iv) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

## 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Scrúdaigh an dóigh a raibh tionchar ag **dhá** thoisc ar bith ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar Thoisc 1 | 7/6 x PSÁ |
| Scrúdú ar Thoisc 2 | 7/6 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as samplaí sonracha de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach ón scrúdú do 2 x PSÁ.
- Ná glactar le réigiún Eorpach ná le réigiún Éireannach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir, 0 marc.
- Mura ndéantar plé ach ar thoisc amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

## 6C. Coincheap Réigiúin

Scrúdaigh conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an ngeomoirfeolaíocht **nó** as an aeráid chun réigiúin a shainmhíniú, agus bíodh tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Samplaí | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tá scrúdú le déanamh ar an uile shampla sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as tagairt shonrach don gheomoirfeolaíocht nó don aeráid ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Ní MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag dul do gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Gníomhaíocht Gheilleagrach**

Rochtain Idirlín trí Leathanbhanda Socraithei Réigiúin na hÉireann in 2018 (%)

| Réigiún | Rochtain Idirlín trí Leathanbhanda Socraithe |
|---|---|
| Lár na Tíre | 67% |
| An tOirthear Láir | 86% |
| An tIarthar | 71% |
| Baile Átha Cliath | 90% |
| An tIarthar Láir | 78% |
| An tOirdheisceart | 82% |

Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh na sonraí thuas, a thaispeánann rochtain idirlín trí leathanbhanda socraithe i réigiúin na hÉireann in 2018, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

| | Barrachairt | Píchairt |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 + 1 mharc (Ciorcal agus Láraithe) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif / na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a dhéanamh sa teideal d’ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc ghrádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *ríomhthráchtáil*.

**[20m]**

Aon mhíniú gearr bailí 2 + 2 mharc

**7B. Coilíneachas**

Scrúdaigh tionchar an choilíneachais ar gheilleagar atá i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Iarmhairt a shonrú | 2 mharc |
| Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Féadfaidh an tionchar a bheith dearfach nó diúltach.
- Scrúdú nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar i mbéal forbartha ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar choilíneachas gan aon tagairt do thionchar an choilíneachais ar gheilleagar i mbéal forbartha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar fhorbairt atá i mbéal forbartha gan aon tagairt do thionchar an choilíneachais: 2 x PSÁ ar a mhéad.

**7C. Éire agus Beartas an Aontais Eorpaigh**

Mínigh conas a d'imir beartas **amháin** ar bith de chuid an Aontais Eorpaigh tionchar ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Beartas ainmnithe | 2 mharc |
| Tionchar ar gheilleagar na hÉireann aitheanta | 2 mharc |
| Míniú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar aitheanta ar gheilleagar na hÉireann do 1 x PSÁ ón gcur síos.
- Tá míniú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Má dhéantar plé gan aon cheangal a dhéanamh le gheilleagar na hÉireann: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Má phléitear níos mó ná beartas amháin, marcáil iad ar fad agus bronn na marcanna ar an gceann is fearr.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

## Ceist 8

### 8A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

(a) Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo a leanas mar is ceart:

- An limistéar faoi fhoirgnimh sa Teampall Mór
- Cúrsa iomlán bhóthar an N62.

(b) Is minic a thógtar seachbhóithre chun cúrsaí iompair a fheabhsú agus chun plódú tráchta i limistéir uirbeacha a éascú.

Ar do shracléarscáil, tarraing agus lipéadaigh bealach oiriúnach le haghaidh faoi choinne seachbhóthair thart ar an Teampall Mór, a d'éascódh plódú tráchta ar an N62.

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Comhréir/imlíne: | | 4 mharc (4/0) |
| | 2 ghné @ 4 mharc an ceann: | | Taispeánta 3 mharc ghrádaithe (3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |
| (b) | Seachbhóthar | 4 mharc: | Taispeánta 3 mharc ghrádaithe (3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála den limistéar a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 11.95cm x 8.95cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ní ghlactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ceadaigh marcanna as lipéadú amháin.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triaileadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronntar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

(ii) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** don Teampall Mór a bhainfeadh le seachbhóthar dá leithéid.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Míniú bailí: | 2m + 2m |

## 8B. An Geilleagar Domhanda

Scrúdaigh soghluaiseacht na gníomhaíochta geilleagraí nua-aimseartha agus tagairt á déanamh agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach nua-aimseartha | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach de ghníomhaíocht gheilleagrach nua-aimseartha. Teastaíonn scrúdú ar gach sampla eile de ghníomhaíocht gheilleagrach nua-aimseartha.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ do dhá shuíomh ainmnithe ón scrúdú.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht gheilleagrach nua-aimseartha gan scrúdú a dhéanamh ar an tsoghluaisteacht: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht gheilleagrach nua-aimseartha gan tagairt a dhéanamh do shampla ainmnithe de ghníomhaíocht gheilleagrach: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le tuiscint leathan ar ghníomhaíocht gheilleagrach nua-aimseartha.
- D'fhéadfadh sé go ndéanfaí tagairt sa fhreagra don gníomhaíocht gheilleagrach sa domhan forbartha nó sa domhan atá i mbéal forbartha.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

**8C.** **Fuinneamh In-athnuaite**

Agus tagairt á déanamh agat do shainfhoinse fuinnimh in-athnuaite **amháin**, mínigh na buntáistí a bhaineann leis an fuinneamh in-athnuaite seo maidir le gach ceann díobh seo a leanas:

- Buntáistí geilleagracha
- Buntáistí comhshaoil.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Foinse fuinnimh in-athnuaite a shonrú | 2 mharc |
| Míniú ar bhuntáistí geilleagracha | 7 x PSÁ |
| Míniú ar bhuntáistí comhshaoil | 7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as buntáiste geilleagrach a aithint. Ní mór gach buntáiste geilleagrach sa bhreis air sin a mhíniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as buntáiste comhshaoil a aithint. Ní mór gach buntáiste comhshaoil sa bhreis air sin a mhíniú.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an bhfuinneamh in-athnuaite gan aon tagairt do na buntáistí geilleagracha agus comhshaoil: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar bhuntáistí geilleagracha nó ar bhuntáistí comhshaoil: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach plé ginearálta ar an bhfuinneamh in-athnuaite gan aon foinse fuinnimh in-athnuaite a shonrú: 1 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 9

### 9A. Fuinneamh In-athnuaite




Scrúdaigh an graf thuas a thaispeánann fuinneamh in-athnuaite mar chéatadán den tomhaltas iomlán fuinnimh i roinnt tíortha, agus an sprioc do 2020 le haghaidh gach tíre díobh. Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén difear a bhí idir an fuinneamh in-athnuaite mar chéatadán den tomhaltas iomlán fuinnimh san AE agus an fuinneamh in-athnuaite mar chéatadán den tomhaltas iomlán fuinnimh san Íoslainn in 2012?

(ii) Cén tír ina raibh an méadú is mó ar fhuinneamh in-athnuaite mar chéatadán den tomhaltas iomlán fuinnimh idir 2004 agus 2016?

(iii) Sa bhliain 2016, cén tír is mó a raibh sárú á dhéanamh aici ar a sprioc 2020?

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** chúis arbh í Éire an tír is faide óna sprioc 2020 in 2016.

(v) Ainmnigh **dhá** fhoinse den fhuinneamh in-athnuaite in Éirinn.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 58 (%) | 2 mharc |
| (ii) | An Danmhairg | 2 mharc |
| (iii) | An Íoslainn | 4 mharc |
| (iv) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |
| (v) | Dhá fhreagra bailí | 2 + 2 mharc |

**9B. Suíomh na Gníomhaíochta Geilleagraí**

Déan plé ar **thrí** chúis go bhfuil ceantar an Teampaill Mhóir ina shuíomh oiriúnach le haghaidh gníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach a fhorbairt.
Úsáid fianaise as an aerfótagraf **nó** as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar thaca le gach cúis díobh.

**[30m]**

3 chúis @ 10 marc an ceann
I gcás gach cúise:

| | |
|---|---|
| Cúis a shonrú | 2 mharc |
| Fianaise ón léarscáil/ón aerfótagraf | 2 mharc |
| Plé | 3 x PSÁ |

- Glactar le dhá thoisc a bhaineann le modhanna éagsúla iompair ar a mhéad.
- I gcás go mínítear níos mó ná trí chúis, marcáil iad ar fad agus bronn an marc is airde.

**9C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha**

Déan plé ar conas is féidir le leibhéil forbartha geilleagraí athrú le himeacht aimsire agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Geilleagair forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Plé | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as tagairt a dhéanamh don athrú le himeacht aimsire ón bplé do 2 x PSÁ.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar forbartha ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé nach bhfuil tagairt ann don athrú le himeacht aimsire: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní gá go mbainfeadh an freagra le hÉirinn.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

(a) Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh sampla **amháin** de gach ceann díobh a leanas mar is ceart:

- Talamhúsáid eaglasta
- Talamhúsáid le haghaidh caitheamh aimsire.

(b) Ar do shracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh sampla **amháin** de thalamhúsáid eile (nach bhfuil ainmnithe thuas).

(ii) Agus tagairt agat don talamhúsáid a thaispeáin agus a lipéadaigh tú i bpáirt (i)(b) thuas, mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann leis an suíomh sin le haghaidh na talamhúsáide sin.

**[20m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | (a) | Comhréir/imlíne:<br>2 ghné @ 4 mharc an ceann: | 4 mharc (4/0)<br>Taispeánta 3 mharc ghrádaithe (3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |
| | (b) | Talamhúsáid 4 mharc: | Taispeánta, 3 mharc ghrádaithe (3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |

- ➢ Is gá imlíne na sracléarscáile a tharraingt leath den fhad agus leath den leithead. Is iad na toisí a theastaíonn ná 14.15 cm faoi 9.25 cm (ceadaigh difríocht 0.5 cm ar gach taobh).
- ➢ Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ní ghlactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- ➢ Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ceadaigh marcanna as lipéadú amháin.
- ➢ Má úsáidtear léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis in ionad Aerfótagraf = 0 marc.
- ➢ Caithfear lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- ➢ Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit

chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triaileadh gné a aimsiú.

- Taispeánta, bronntar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

(ii) Míniú bailí: 2m + 2m

**10B. Dinimic na Lonnaíochta**

Scrúdaigh Teoiric an Lárionaid agus tagairt á déanamh agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara sampla ainmnithe do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.
- Féadfaidh léaráid lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an léaráid, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

**10C. Imirce**

Déan plé ar thionchar na himirce ar limistéir thuaithe in Éirinn.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar a shonrú | 2 mharc |
| Plé | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar aitheanta do 1 x PSÁ ón bplé.
- Mura ndéantar tagairt do thionchar na himirce ar limistéir thuaithe in Éirinn: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Teastaíonn plé ar gach tionchar eile sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as sampla de limistéar tuaithe in Éirinn do 1 x PSÁ.
- Baineann an cheist le hÉirinn.
- Féadfaidh an tionchar a bheith dearfach nó diúltach.
- D’fhéadfaí plé a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an inimirce, imirce amach nó ag an dá rud ar limistéir thuaithe in Éirinn.

## Ceist 11

### 11A. Inimirce san Eoraip




Scrúdaigh an graf thuas a thaispeánann líon na n-inimirceach a tháinig go dtí Éire agus an Ghréig i mblianta roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain ina raibh an leibhéal inimirce is lú go dtí an Ghréig?

(ii) Cén **dá** bhliain ina raibh an leibhéal inimirce go dtí an Ghréig níos airde ná an leibhéal inimirce go hÉirinn?

(iii) Mínigh go hachomair iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhí ag an athrú ar an inimirce go dtí an Ghréig ó 2014 go 2016.

(iv) Ríomh an t-athrú céatadánach ar an inimirce go hÉirinn ó 2011 go 2016.

(v) Cén treocht a bhí san inimirce go hÉirinn idir 2005 agus 2011 agus mínigh go hachomair cúis **amháin** leis an dtreocht seo.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 2014 | 2 mharc |
| (ii) | 2011 & 2016 | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Freagra bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | 48.68 (%) | 4 mharc |
| (v) | Laghdaithe | 2 mharc |
| | Freagra bailí amháin | 2 + 2 mharc |

**11B. Talamhúsáid Uirbeach**

Scrúdaigh conas a tháinig athrú ar lonnú **dhá cheann** de na talamhúsáidí a leanas i gcathair in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Talamhúsáid thionsclaíoch
- Talamhúsáid chónaitheach
- Talamhúsáid tráchtála.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cathair ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú ar thalamhúsáid 1 | 7 x PSÁ |
| Scrúdú ar thalamhúsáid 2 | 7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh na talamhúsáide as tagairt don athrú.
- Má dhéantar scrúdú ar limistéir talamhúsáide gan tagairt a dhéanamh don athrú: 1 x PSÁ ar a mhéad.
- Má dhéantar scrúdú ar limistéir talamhúsáide gan tagairt a dhéanamh do chathair in Éirinn: 1 x PSÁ ar a mhéad.
- Baineann an cheist le hÉirinn.

**11C. Ródhaonra**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar na cúiseanna atá le ródhaonra.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cúiseanna a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Cur síos/míniú | 13 x PSÁ |

- Tá cur síos/míniú le déanamh ar an uile chúis sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón gcur síos/míniú.
- Mura ndéantar ach cur síos ar na cúiseanna amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 12

### 12A. Dinimic Daonra

Athrú Daonra in Éirinn i mBlianta Roghnaithe

| Blianta | Athrú Daonra (ina mhílte) |
|---|---|
| 2008 | 109 |
| 2010 | 21 |
| 2012 | 19 |
| 2014 | 31 |
| 2016 | 52 |
| 2018 | 65 |

Curtha in oiriúint ó PSO

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann an t-athrú daonra (ina mhílte) in Éirinn i mblianta roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 + 1 mharc (Ciorcal agus Láraithe) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf / chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc ghrádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Is tosca iad na rátaí beireatais agus na rátaí báis a mbíonn tionchar acu ar an athrú daonra.

Mínigh go hachomair toisc **amháin** eile ar bith a raibh tionchar aige ar an athrú daonra ó 2012 go 2018.

**[20m]**

Freagra bailí 2m + 2m

**12B. Lonnaíocht Stairiúil**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh **agus** tabhair suíomh, agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat, **trí chéim dhifriúla** den lonnaíocht stairiúil atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

(ii) Mínigh go hachomair gach ceann de na **trí** chéim den lonnaíocht stairiúil a d'ainmnigh tú i bpáirt (i) thuas.

**[30m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Trí chéim dhifriúla ainmnithe | 2 + 2 + 2 mharc |
| | Suíomh na dtrí chéim ainmnithe | 2 + 2 + 2 mharc |
| (ii) | Míniú ar gach céim | |
| | @ 6 mharc an ceann | 3 @ (2 + 2 + 2 mharc) |

**12C. Fadhbanna Uirbeacha**

Déan plé ar na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar fhás cathracha sa domhan i mbéal forbartha.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Fadhbanna a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Plé | 13 x PSÁ |

- Tá plé le déanamh ar gach fadhb sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla de chathair sa domhan atá i mbéal forbartha ón bplé.
- Glactar le sampla bailí ar bith de chathair i dtír i mbéal forbartha nó cuid de is cuma faoin méid.
- Plé nach bhfuil tagairt ann d'fhadhbanna: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach plé a dhéanamh ar réitigh: 2 x PSÁ ar a mhéad.

## ROINN 3 – ROGHAONAID

### Ceist 13 go 24

Freagair ceist **AMHÁIN**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta ar líon mór pointí.

# Ceisteanna 13 – 24

**Scéim Mharcála Imlíne agus tuairiscíní marcála maidir le Comhleanúnachas Ginearálta**

**Scéim Mharcála Imlíne:**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

**Tuairiscíní Marcála maidir le Comhleanúnachas Ginearálta:**

Agus marcanna á mbronnadh as Comhleanúnachas Ginearálta, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh agus leanfaidh sé nó sí na tuairiscíní marcála a leanas:

| ***Comhleanúnachas Ginearálta (20 marc)** | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | **20** | Cumas den scoth chun eolas a cheangal leis an gceist. Freagra cuimsitheach sármhaith ina léirítear mioneolas ar an ábhar. |
| An-mhaith | **17** | Cumas maith chun eolas a cheangal leis an gceist. Freagra an-mhaith ag léiriú eolas an-fhairsing ar an ábhar. |
| Go Maith | **14** | Cumas réasúnta chun eolas a cheangal go cuí leis an gceist. Freagra maith ina dtugtar faisnéis fhónta. Eolas fairsing ar an ábhar curtha in iúl. |
| Measartha | **10** | Roinnt iarrachta déanta an t-eolas a cheangal leis an gceist a chuirtear. Roinnt faisnéis ábhartha tugtha ach ní leor mar a cuireadh an fhaisnéis i bhfeidhm ar an gceist. |
| Lag | **6** | Is gur fíortheoranta a gabhadh i ngleic leis an gceist a cuireadh. Sonraíodh roinnt faisnéis ábhartha. |
| Olc | **0** | Níor freagraíodh an cheist a cuireadh agus tá freagra neamhábhartha ar an mórgóir dá bharr. |

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Déan plé ar an tionchar a bhíonn ag patrúin trádála dhomhanda ar réigiúin táirgeoirí agus ar réigiúin tomhaltóirí araon, agus tagairt agat do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tionchar a bhíonn ag patrúin trádála domhanda ar réigiúin táirgeoirí agus réigiúin tomhaltóirí araon.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**14.** Déan plé ar conas is féidir le cláir chúnaimh cuidiú le forbairt nó bheith ina mbac uirthi.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Glac le haon cheann de na nithe seo a leanas: plé ar conas is féidir le cláir chúnaimh cuidiú le forbairt; plé ar conas is féidir le cláir chúnaimh bheith ina mbac ar fhorbairt; nó plé ar conas is féidir le cláir chúnaimh cuidiú le forbairt agus bheith ina mbac uirthi.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**15.** Scrúdaigh cúiseanna agus iarmhairtí **ceann ar bith** de na ceisteanna comhshaoil domhanda a leanas:

- Dífhoraoisiú
- Téamh domhanda
- Fairsingiú fásaigh.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste cúiseanna agus iarmhairtí a bhaineann le ceann de na ceisteanna comhshaoil domhanda ainmnithe.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Scrúdaigh conas a bhíonn tionchar ag gach ceann díobh seo a leanas ar shaintréithe ithreacha:

- An ró-innilt
- Fairsingiú fásaigh
- Modhanna caomhnaithe.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste conas a bhíonn tionchar ag an ró-innilt, an fairsingiú fásaigh agus modhanna caomhnaithe ar shaintréithe ithreacha.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**17.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag ábhar mianrach, aer, uisce agus ábhar orgánach ar fhorbairt ithreacha.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tionchar a bhíonn ag ábhar mianrach, aer, uisce agus ábhar orgánach ar fhorbairt ithreach.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**18.** Athraíonn gníomhaíocht an duine bithóim.
Déan plé air sin.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é athrú bithóm de bharr ghníomhaíocht an duine bunphointe na ceiste.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Tá tosca cultúrtha éagsúla ag baint le coincheap an ionannais, agus áirítear náisiúntacht, teanga agus creideamh ann.

Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do réigiún san Eoraip a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an chaoi a dtéann tosca cultúrtha éagsúla lena n-áirítear náisiúntacht, teanga agus creideamh i bhfeidhm ar choincheap an ionannais i réigiún san Eoraip.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**20.** Is féidir le coinbhleacht teacht chun cinn idir struchtúir pholaitiúla agus grúpaí cultúir.
Déan plé air sin.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste gur féidir le coinbhleacht teacht chun cinn idir struchtúir pholaitiúla agus grúpaí cultúir.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**21.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag gluaiseacht daoine ar phatrúin na gciníocha.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tionchar a bhíonn ag gluaiseacht daoine ar phatrúin na gciníocha.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Scrúdaigh conas a dhéantar grianfhuinneamh a athdháileadh trí phátrúin chúrsaíochta san atmaisféar agus sna haigéin.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste conas a dhéantar grianfhuinneamh a athdháileadh trí phátrúin chúrsaíochta san atmaisféar agus sna haigéin.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**23.** Thar dhromchla an domhain téann malartuithe uisce idir aigéin agus an t-atmaisféar i bhfeidhm ar an bhfrasaíocht agus ar phatrúin a dáilte.
Déan plé air sin.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste conas a théann malartuithe uisce idir aigéin agus an t-atmaisféar thar dhromchla an domhain i bhfeidhm ar an bhfrasaíocht agus ar phatrúin a dáilte.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**24.** Déan cur síos agus tabhair míniú ar na saintréithe a bhaineann le cineál **amháin** aeráide domhanda a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste na saintréithe ar leith a bhaineann le haeráid dhomhanda **amháin**.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Fiosrúchán Tíreolaíochta

**Léigh an tuarascáil iomlán sula gcuireann tú tús leis an marcáil chun dul i dtaithí ar an bhfiosrúchán ar fad.**

Ní ghlactar le ráitis shimplí. Cáilíocht ag teastáil.

**1. RÉAMHRÁ** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| C/L: | 1 mharc |

- Ní mór go mbeadh baint ag na haidhmeanna leis an imscrúdú agus ní mór go mbeidís sonrach agus cáilithe.

**2. PLEANÁIL** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| C/L: | 1 mharc |

- Faisnéis riachtanach agus modhanna bailithe a aithint.
- Ní mór tagairt shonrach a dhéanamh d'athbhreithniú.
- Ní mór gach ráiteas a bheith cáilithe e.g. trealamh cleachtaidh cá háit/conas/cén fáth?
- Obair a dhéanann an múinteoir ina (h)aonar = 0 marc

**3.** **BAILIÚ EOLAIS** (40 marc):

Dhá mhodh / thasc @ 18 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach modha / taisc: | 9 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| C/L: | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |

- Caithfidh cuid an bhailiúcháin a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht. Pléitear sa roinn seo le tuairisciú ar an gcaoi ar tugadh faoin mbailiú. Ba cheart go mbeadh cur síos ann ar na gníomhaíochtaí a rinneadh.
- Is féidir glacadh mar mhodh le tasc arb ionann é agus grúpa de ghníomhaíochtaí cónasctha a bhaineann le hábhar. Ní mór tascanna/modhanna a thuairisciú i gcomhthéacs na n-aidhmeanna luaite.
- Is féidir le foinsí tánaisteacha faisnéise sonraí príomhúla a chruthú.
- Ní leor ráitis shimplí e.g. Chonaic mé na gnéithe, Thaifead mé na gnéithe, thaifead mé na torthaí, Sceitseáil mé an tírghné etc. Ní mór an ráiteas a cháiliú ar bhealach éigin m.sh. conas/cá háit?
- Is féidir creidiúint a thabhairt as léaráidí/sracléaráidí má léiríonn siad gníomhaíocht an bhailithe. PSÁ amháin in aghaidh an taisc/mhodha as sracléaráidí/léaráidí lipéadaithe atá tarraingthe go maith, néata, ábhartha agus atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus a léiríonn próiseas an bhailithe.
- Féadfar PSÁ amháin breise in aghaidh an taisc/mhodha a bhronnadh i gcás ina bhfuil faisnéis bhreise ar shracléaráid (nach bhfuil sa chuid scríofa).
- Ní mór sracléaráidí/léaráidí a bheith ar na leathanaigh oiriúnacha i gcuid an bhailithe.
- Ná tugtar marcanna as torthaí sa chuid scríofa seo.
- Is marc foriomlán é comhleanúnachas a bhronntar as ábharthacht na hoibre sa chuid seo leis na haidhmeanna luaite.

**4. TORTHAÍ, TÁTAIL, LUACHÁIL** (30 marc):

Trí theideal @ 8 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach teidil: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| C/L: | 6 mharc ghrádaithe (6/4/2/0) |

- Ná bronntar marcanna as Torthaí / Tátail / Luacháil ach amháin má tá siad sa chuid chuí den leabhrán tuairiscithe.
- Ní mór Torthaí / Tátail / Luacháil a bheith nasctha le haidhmeanna agus nasctha le gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i gcuid an bhailithe faisnéise (Cuid 3).
- Is féidir torthaí a bhaint as cairteacha/táblaí ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí.
- Bunaítear tátail go díreach nó go hindíreach ar na torthaí; luacháil atá ann sa chás nach mar sin a dhéantar.
- Níl tátail nasctha le toradh sonrach ach caithfidh siad a bheith ábhartha do na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3.
- Ba cheart ard-ord smaointeoireachta a léiriú sna luachálacha agus ba cheart raon téamaí a bheith iontu. Ba cheart go mbeadh baint acu leis na haidhmeanna i gCuid 1 agus leis na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3. Ní mór dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.
- Is féidir luacháil a dhéanamh i leith a bhfuil i ndán chomh maith leis an am atá caite.
- Ná tabhair marc dúbailte d'fhaisnéis a bhaineann le saincheisteanna a luaitear i gCuid 3.

**5. EAGRÚ AGUS CUR I LÁTHAIR NA dTORTHAÍ** (20 marc):

Dhá mhodh dhifriúla sa chur i láthair:

| | |
|---|---|
| Gach cur i láthair: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas ginearálta (C): | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |

- Ní mór na torthaí a chur i láthair ar dhá bhealach dhifriúla e.g. graif, cairt, léarscáil, tábla, sracléaráid, etc.
- Ní mór na torthaí a chur i láthair ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí i gCuid 4 den leabhrán tuairiscithe.
- 4 PSÁ ar a mhéad in aghaidh mhodh an chuir i láthair.
- Is ionann an Comhleanúnachas Ginearálta agus caighdeán agus soiléire an chuir i láthair. Faightear 4 mharc as an gcur i láthair foriomlán. Ní féidir marcanna as Comhleanúnachas Ginearálta a bhronnadh mura bhfuil ach modh amháin le feiceáil sa chur i láthair.

## BRISEADH SÍOS AR NA MARCANNA DON CHUR I LÁTHAIR

**BARRACHAIRT / TREOGHRAF / SCAIPGHRAF etc.:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach | 2 mharc |
| Ais amháin agus aonaid nó scála breactha uirthi: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá phointe / bharra tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**PÍCHAIRT:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Ciorcal agus an lárphointe go cruinn ann: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann den dá réimse tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

**TÁBLA RANGORDAITHE / TÁBLA:**

**Tábla Ilsraitheanna / Ilcholún**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraitheanna / Colúin x 2 lipéadaithe: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

**Tábla le Sraith / Colún Aonair**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraith / Colún lipéadaithe: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Faisnéis ábhartha: | 1 x PSÁ = 2 mharc |

**SRACLÉARÁID / LÉARSCÁIL:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Fráma: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Dhá mhír faisnéise a bhaineann le hábhar na dtorthaí: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

## Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin sa Tíreolaíocht in 2019

1. Tionchar na bpróiseas geomorfach ar mhúnlú timpeallacht oighreach **nó** timpeallacht abhann **nó** timpeallacht chósta.

2. Tionchar an tsíonchaithimh **nó** ollghluaiseachta ar mhúnlú an tírdhreacha i gceantar de do rogha féin.

3. Éabhlóid na lonnaíochta le himeachta ama i limistéar uirbeach **nó** tuaithe.

4. Staidéar ar athnuachan uirbeach / ar fhorbairt uirbeach i gceantar áitiúil.

5. Patrúin áitiúla aimsire.

6. Tionchar na talamhúsáide i gceantar áitiúil.

## Aguisín 2

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 – 303 | 29 |
| 304 – 306 | 28 |
| 307 – 310 | 27 |
| 311 – 313 | 26 |
| 314 – 316 | 25 |
| 317 – 320 | 24 |
| 321 – 323 | 23 |
| 324 – 326 | 22 |
| 327 – 330 | 21 |
| 331 – 333 | 20 |
| 334 – 336 | 19 |
| 337 – 340 | 18 |
| 341 – 343 | 17 |
| 344 – 346 | 16 |
| 347 – 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Fiosrúchán Tíreolaíochta – Ná cuirtear san áireamh san iomlán le haghaidh marcanna breise

Tabhair faoi deara: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.

Leathanach Bán

Leathanach Bán